

## **Cuntas Leithreasa 2016**

---

### **Vóta 7**

### **Oifig an Aire Airgeadais**

---

## Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 7, tá sé de dhualgas orm an cuntas leithreasa don Vóta a ullmhú gach bliain, agus an cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste le hiniúchadh.

De réir an cheangaltais seo, tá an cuntas i gceangal leis seo ullmhaithe agam ar an tsuim a caitheadh sa bhliain dar críoch 31 Nollaig 2016 do thuarastail agus do chostais Oifig an Aire Airgeadais, lena n-áirítear Oifig an Phámháistir Ghinearálta, i ndáil le seirbhísí ar leith riartha ag Oifig an Aire agus le haghaidh fócaíocht deontas agus deontas-i-gcabhair áirithe.

Cuirtear an toradh maidir le caiteachtas I gcomparáid leis suimeanna

- (a) arna ndeonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasaithe 2016, lena n-áirítear an tsuim a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasáí i gcabhair ar mhaithe le caiteachtas don bhliain, agus
- (b) arna soláthar ar mhaithe le seirbhísí capital a sholáthar in 2016, as leithreasáí neamhchaite a bhain le 2015, faoi na socruithe a bunaíodh le halt 91 den Acht Airgeadais 2004 maidir leis an tsuim a bheidh le tabhairt suas a iarchur.

## Athstruchtúrú na gclár

Ullmhaíodh an cuntas de réir Meastacháin Athbhreithnithe 2016 le haghaidh Oifig an Aire Airgeadais. Taifeadann cuntas leithreasa 2016 ollchaiteachtas ar luach €31.2 milliún, ar 3 réimse cláir. Athleithdháileadh figiúirí táirgeachta 2015 ar fud na dtrí gclár chun struchtúr nua na Roinne a léiriú.

Dlítear barrachas €10.4 milliún a ghéilleadh don Stáitchiste.

Is cuid den Chuntas é an Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta chomh maith le nótaí 1 go 6.

## Seirbhís nua – feontas greosla

Comhdhéanann an deontas breosla seirbhís nua i gcomhthéacs an Vóta Airgeadais i 2016. Soláthraíodh suim ar luach €10 milliún don deontas nua breosla faoi Scéim na dTiománaithe agus na bPaisinéirí faoi Mhíchumas (Lámhaltais Chánach) le go gcuirfí sin in áit na híocaíochta máil ar eilimint bhreosla Scéim na dTiománaithe faoi Mhíchumas agus na bPaisinéirí faoi Mhíchumas (Lámhaltais Chánach).

## Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta

Cuireadh na polasaithe agus na prionsabail chuntasaíochta chaighdeánacha, maidir le cuntais leithreasa a tháirgeadh, chun feidhme agus an cuntas á ullmhú.

## Stoc agus sócmhainní caipitiúla

Roinneann an Roinn Airgeadais (Vóta 7), an Roinn Caiteachais Phoiblí, Athchóirithe (Vóta 11), Seirbhísí Roinnte (Vóta 18) agus an Oifig um Sholáthar Rialtais (Vóta 39) a gcuid stoc agus, go ginearálta, úsáid sócmhainní caipitiúla. Leithdháiltear iad bunaithe ar líon na foirne sna Vótaí faoi seach.

Ar chúiseanna a bhaineann le héifeachtacht agus le háisiúlacht, déantar an caiteachtas ar stoic stáiseanóireachta a thaifeadadh faoi Vóta 7 agus déantar an caiteachtas ar stoic inchaite TF a thaifeadadh faoi Vóta 11. Mar sin féin, toisc go meastar na stoic a bheith arna gcomhroinnt, áirítear iad sna nótaí um chostas oibríochta a ghabhann le cuntais Vóta 7, Vóta 11, Vóta 18 agus Vóta 39 agus leithdháiltear iad ar bhonn an líon foirne sna Ranna faoi seach.

Toisc go roinntear formhór na sócmhainní caipitiúla. Leithdháiltear úsáid de shócmhainní caipitiúla ar bhonn an líon foirne freisin. Suas le 31 Nollaig 2010, taifeadadh na sócmhainní caipitiúla uile ar chlár sócmhainní na Roinne Airgeadais. Ní thaifeadann an clár sócmhainní láthair an aonaid ghnó ag baint úsáide as an sócmhainn. Mar thoradh, ní raibh sé indéanta na sócmhainní a scoilteadh idir na haonaid sin a fhanann sa Roinn Airgeadais agus iad siúd á n-aistriú chuig an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Go ginearálta, déantar sócmhainní i ndáil le troscán agus feistis agus trealamh oifige a thaifeadadh ar chlár sócmhainní na Roinne Airgeadais agus déantar sócmhainní i ndáil le trealamh TF a thaifeadadh ar chlár sócmhainní na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Gearrtar dímheas ar shócmhainní ar an dá Roinn ar bhonn an líon foirne iontu araon. D'ainneoin aon rud thuasluaite, cheannaigh an Roinn Airgeadais sócmhainní áirithe ó shin 2012 a bhí chun a húsáide eisiachaí agus ní chionroinntear an dímheas i dtaca leo siúd.

## Ráiteas ar Rialú Inmheánach Airgeadais

### *Freagracht don Chóras Rialaithe Airgeadais Inmheánach*

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, aithním an fhreagracht atá agam as cinntiú go ndéantar córas éifeachtach rialaithe airgeadais inmheánaigh a chothabháil agus a fheidhmiú ag an Roinn.

Déantar an fhreagracht seo a chleachtadh i gcomhthéacs na n-acmhainní sin atá ar fáil dom féin agus i gcomhthéacs mo chuid dualgas féin mar Ard-Rúnaí. Freisin, ní féidir le haon chóras rialaithe airgeadais inmheánaigh ach ráthaíocht réasúnta seachas dearbhráthaíocht go bhfuil sócmhainní cumhdaithe, idirbhearta údaráithe agus taifeadta go cuí, agus go ndéantar earráidí ábhartha nó mírialtachtaí eile cé acu a chosc nó go ndéanfaí iad a aimsiú go tráthúil. Is próiseas leanúnach é an córas rialuithe airgeadais inmheánacha a chothabháil agus bíonn an córas agus a éifeachtúlacht faoi athbhreithniú a leanann ar aghaidh.

Tá mo chuid freagrachtaí comhlíonta agam maidir le ceanglais an Chomhaontaithe um Bainistíocht Seirbhísí atá ann idir an Roinn seo agus an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Roinnte le haghaidh seirbhís chomhroinnte Acmhainní Daonna agus Párolla sholáthar.

Bím ag brath ar litir dearbhaithe ó Oifigeach Cuntasaíochta an Vóta le haghaidh Seirbhísí Comhroinnte go bhfeidhmítear na rialuithe cuí agus seirbhísí comhroinnte á gcur ar fáil don Roinn seo.

Is é seo a leanas an seasamh maidir leis an timpeallacht rialaithe airgeadais, an creat um nósanna imeachta riaracháin, tuairisciú bainistithe agus iniúchadh inmheánach:

### *Timpeallacht rialaithe airgeadais*

Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm a bhfuil mar chuid di na heilimintí seo a leanas

- sannadh freagrachtaí airgeadais ag leibhéal bainistíochta le cuntasacht chomhfhreagrach
- bunaíodh socruithe tuairiscithe ag gach leibhéal mar ar sannadh an fhreagracht do bhainistiú airgeadais
- bunaíodh gnáthaimh fhoirmeálta do thuairisciú teipeanna suntasacha rialaithe agus do chinntiú gníomhaíochta ceartaithí cuí
- is ann do Choiste Iniúchta le comhairle a thabhairt dom maidir le comhlíonadh mo chuid freagrachtaí don chóras rialaithe airgeadais inmheánaigh.

### ***Rialuithe riaracháin agus tuairisciú bainistithe***

Deimhnímh go bhfuil creatlach gnáthamh riaracháin agus tuairisciú rialta bainistithe i bhfeidhm, lena n-áirítear deighilt na ndualgas agus córas tarmiligin agus cuntasachta agus, go háirithe, gurb ann dóibh seo a leanas

- córas buiséadaithe cuí le buiséad bliantúil a choinnítear faoi athbhreithniú ag lucht bainistithe sinsearach
- athbhreithnithe rialta ag lucht bainistithe sinsearach a léiríonn feidhmíocht airgeadais i gcomparáid le tuartha
- córas bainistithe riosca ag feidhmiú laistigh den Roinn
- córais atá dírithe ar chinntiú shlándáil na gcóras TEC
- treoirlínte cuí rialaithe infheistíochta caipitil agus disciplíní bainistithe tionscadail fhoirmeálta
- Cinntíonn an Roinn go gcuirtear béim chuí ar an dea-chleachtas sa cheannach agus go bhfuil gnáthaimh i bhfeidhm chun comhlíonadh na dtreoirlínte ábhartha ar fad a chinntiú. Seacht gconradh le luach €680,420 a bhí liostáilte ar mo thuairisceán bliantúil maidir le Ciorclán 40/2002. Leagtar amach achoimriú gearr ar gach ceann de na conarthaí thíos.
- o Aithníodh ceathrar saineolaí dlí ag Oifig an Ard-Aighne do sholáthar comhairle dlí saineolaí don Roinn Airgeadais. Baineann 3 cinn de na conarthaí seo, ar luach iomlán €432,402 ag deireadh 2016, le soláthar comhairle dlí saineolaí maidir le fiosrúchán Stáit Choimisiún an AE faoi chúnamh a líomhnaítear gur tugadh do Apple é, agus bhain an ceathrú ceann le hOrdú Follasaithe Ardchúirte a raibh i gceist leis íocaíochtaí ar luach €42,103.
- o Fostaíodh soláthróir córais TF i 2012 mar acmhainn thábhachtach eolais chun athbhreithnithe agus anailís ar na margaí airgeadais a chur i gcrích ós rud é gur bhain cuid d'obair na Roinne le ceisteanna riosca margadhbhunaithe agus cobhsaíochta airgeadais. Bhí an conradh ar bhonn athnuachana dhá bhliain agus ba é an caiteachas iomlán do 2015-2016 ná €45,395. Tugadh faoi phróiseas soláthair phoiblí don tseirbhís seo de réir rialacha soláthair phoiblí an AE go déanach i 2016 agus tá conradh sínithe anois.
- o Thug an Roinn faoi phróiseas soláthair phoiblí i 2014, ag úsáid comhaontú creatlaí, atá tar éis dul in éag, d'fhostú soláthróra seirbhíse aistriúcháin. Tugadh comhairle sheachtrach don Roinn gur cheart seirbhísí an tsoláthróra seo a choimeád do sholáthar seirbhísí aistriúcháin theicniúil a raibh luach €25,915 orthu. Cinnteoidh an Roinn go ndéanfar an socrú seo a thabhairt chun rialtachta trí phróiseas foirmeálta soláthair le linn 2017.
- o Chun a cuid dualgas dlí a chomhlíonadh i leith Choiste Fiosrúcháin an Oireachtais um an Ghéarchéim Bhaincéireachta, d'fhostaigh an Roinn seirbhísí soláthróra réiteach eDiscovery chun na mílte leathanach de thaifid a sholáthar don Choiste laistigh de na tráthchláir reachtúla. Caitheadh €134,605 leis an soláthróir seo. Níor measadh é a bheith praiticiúil ná indéanta tabhairt faoi phróiseas foirmeálta soláthair ag an am sin agus na dualgais dlí a chomhlíonadh freisin a bhain leis na Treoracha a fuarthas ón gCoiste. Tugadh faoi phróiseas soláthair le déanaí agus táthar ag súil leis go síneofar conradh leis an soláthróir rafar i 2017.

***Rioscaí suntasacha airgeadais***

Níl aon rioscaí suntasacha airgeadais ann don Vóta.

***Iniúchadh Inmheánach agus Coiste Iniúchta***

Deimhním go n-úsáideann an Roinn seirbhísí fheidhm iniúchta inmheánaigh na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe faoi théarmaí comhaontaithe leibhéal seirbhíse idir an dá Roinn. Feidhmíonn Aonad Iniúchta Inmheánaigh na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe faoi chairt scríofa a faomhadh ag Ard-Rúnaí na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Bíonn tionchar ag anailís ar na rioscaí airgeadais sin a bhfuil an Roinn neamhchosanta orthu agus tá a cuid pleananna iniúchta inmheánaigh bhliantúil (a ullmhaítear i gcomhar leis an gCoiste Iniúchta agus a cheadaítear agamsa) bunaithe ar an anailís seo. Tá sé mar aidhm ag na pleananna seo na príomhrialuithe a chlúdach ar bhonn leanúnach thar thréimhse réasúnta. Déantar athbhreithniú ar an bhfeidhm iniúchta inmheánach go tréimhsiúil agamsa agus ag an gcoiste iniúchta. Tá gnáthaimh curtha i bhfeidhm agam chun cinntiú go ndéantar obair leantach maidir le tuarascálacha na feidhme iniúchta inmheánaí.

**Derek Moran**

Oifigeach Cuntasaíochta  
An Roinn Airgeadais

**30 Marta 2017**

## **Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste**

### **Tuairisc le cur faoi bhráid Tithe an Oireachtais**

#### **Vóta 7 Oifig an Aire Airgeadais**

Tá iniúchadh déanta agam ar an gcuntas leithghabhála do Vóta 7 Oifig an Aire Airgeadais don bhliain dar deireadh 31 Nollaig 2016 faoi Alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993. Ullmhaíodh an cuntas san fhoirm a forordaíodh ag an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, de réir na mbeartas cuntasáiochta caighdeánacha agus na bprionsabail do chuntais leithghabhála.

#### ***Freagracht an Oifigigh Chuntasaíochta***

De réir Ailt 22 an Achta um Ranna Státchiste agus Iniúchta 1866, tá iachall ar an Oifigeach Cuntasaíochta an cuntas leithghabhála a ullmhú. De réir an dlí, ní mór an cuntas a chur faoi mo bhráid faoi 31 Márta tar éis deireadh na bliana cuntais.

Tá an tOifigeach Cuntasaíochta freagrach freisin as cumhdach na gcistí poiblí agus na réadmhaoine sin atá faoina smacht, as an éifeachtacht agus as an mbarainneacht riaracháin ina hOifig agus as rialtacht agus geanas gach idirbhirt sna cuntais leithreasa.

#### ***Freagracht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste***

Tá iachall orm faoi Alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993 iniúchadh a dhéanamh ar chuntais leithghabhála gach Vóta agus na tástálacha sin a chur i gcrích a measaim iad a bheith cuí do chuspóir an iniúchta.

Tar éis críochnú iniúchadh cuntais leithghabhála, tá iachall orm teastas a sholáthar a dhearbhaíonn más amhlaidh, i mo thuairim féin, go léiríonn an cuntas go cuí na fáltais agus an caiteachas a bhaineann leis an Vóta. Tá iachall orm freisin tagairt a dhéanamh d'aon chás ábhartha mar

- ar theip ar roinn nó ar oifig caiteachas a chur i bhfeidhm a taifeadadh sa chuntas do na cuspóirí a bhí i gceist leis na leithreasuithe a rinneadh ag an Oireachtas, nó
- nach gcloíonn na hidirbhearta a taifeadadh sa chuntas ag cloí leis an údarás faoina maíonn siad a bheith curtha i gcrích.

Faoi Alt 3 (10) d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993, tá iachall orm tuarascáil a ullmhú gach bliain, faoi aon cheisteanna a eascraíonn as m'iniúchadh ar an gcuntas leithghabhála.

#### ***Scóip an iniúchta***

Áirítear mar chuid d'iniúchadh scrúdú, ar bhonn tástála, fianaise a bhaineann le hábhar do shuimeanna agus do rialtacht na n-idirbheart airgeadais atá san áireamh sa chuntas chomh maith le measúnú i dtaca leis an gceist ar cloíodh le forálacha cuntasaíochta *Ghnáthaimh Airgeadais Phoiblí* na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Tá i gceist leis an iniúchadh dóthain fianaise a fháil le ráthaíocht réasúnta a sholáthar go bhfuil an cuntas leithghabhála saor ó mhíríteas ábhartha, cibé acu mar gheall ar chaimiléireacht nó mírialtacht nó earráid eile. Déanaim iarracht freisin fianaise a fháil faoi rialtacht na n-idirbheart airgeadais le linn an iniúchta. Agus an tuairim iniúchta á cur in iúl, déantar measúnú faoi leordhóthanacht iomlán chur i láthair na faisnéise sa chuntas leithghabhála.

***Tuairim faoin gcuntas leithghabhála***

I mo thuairimse, léiríonn an cuntas leithghabhála go cuí fáltais agus caiteachas Vóta 7 Oifig an Aire Airgeadais don bhliain dar deireadh 31 Nollaig 2016.

Tá an fhaisnéis agus na míniúcháin ar fad faighte agam a measaim iad a bheith riachtanach do chuspóirí m'iniúchta. I mo thuairimse, coimeádadh taifid chuntasaíochta leordhóthanacha ag an Roinn. Réitíonn an cuntas leithghabhála leis na taifid chuntasaíochta.

**Seamus MacCárthaigh**

Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

13 Mean Fomhair 2017

## Vóta 7 Oifig an Aire Airgeadais

### Cuntas Leithreasa 2016

|                         |                                                        | 2016            |        | 2015   |
|-------------------------|--------------------------------------------------------|-----------------|--------|--------|
|                         |                                                        | Soláthar measta | Toradh | Toradh |
|                         |                                                        | €000            | €000   | €000   |
| <b>Caiteachas Cláir</b> |                                                        |                 |        |        |
| A                       | Beartas an Aontais Eorpaigh agus Beartas Idirnáisiúnta | 18,132          | 15,841 | 8,013  |
| B                       | Polasaí na Seirbhísí Airgeadais                        | 11,051          | 6,762  | 9,819  |
| C                       | Beartas Fioscach                                       |                 |        |        |
|                         | <i>Soláthar na bliana reatha</i>                       | 11,696          |        |        |
|                         | Géilleadh iarchurtha                                   | 115             | 11,811 | 8,635  |
| <b>Ollchaiteachas</b>   |                                                        |                 |        |        |
|                         | <i>Soláthar na bliana reatha</i>                       | 40,879          |        |        |
|                         | Géilleadh iarchurtha                                   | 115             | 40,994 | 31,238 |
|                         |                                                        |                 |        | 26,301 |
| <i>Asbhain</i>          |                                                        |                 |        |        |
| D                       | Leithreasáí-i-gcabhair                                 | 1,400           | 2,271  | 1,935  |
| <b>Glanchaiteachas</b>  |                                                        |                 |        |        |
|                         | <i>Soláthar na bliana reatha</i>                       | 39,479          |        |        |
|                         | Géilleadh iarchurtha                                   | 115             |        |        |
|                         |                                                        |                 | 39,594 | 28,967 |
|                         |                                                        |                 |        | 24,366 |

#### Farasbarr don ghéilliúint

Tá farasbarr na suime a soláthraíodh le hais na glansuime faoi dhliteanas don ghéilliúint don Stáitchiste. Faoi Alt 91 den Acht Airgeadais 2004, is féidir iomlán nó cuid d'aon leithreasuithe neamhchaite do sheirbhísí soláthair chaipitil a thabhairt anonn chun iad a chaitheamh sa bhliain ina dhiaidh sin.

|                        | 2016       | 2015      |
|------------------------|------------|-----------|
|                        | €          | €         |
| Barrachas              | 10,626,805 | 6,251,696 |
| Géilleadh iarchurtha   | (227,000)  | (115,000) |
| Barrachas le géilleadh | 10,399,805 | 6,136,696 |



**Anailís an chaiteachais riaracháin**

|     |                                                   | <b>2016</b>            |               | <b>2015</b>   |
|-----|---------------------------------------------------|------------------------|---------------|---------------|
|     |                                                   | <b>Soláthar measta</b> | <b>Toradh</b> | <b>Toradh</b> |
|     |                                                   | <b>€000</b>            | <b>€000</b>   | <b>€000</b>   |
| i   | Tuarastail, páнна agus liúntais                   | 18,500                 | 16,627        | 17,456        |
| ii  | Taisteal agus cothabháil                          | 677                    | 595           | 556           |
| iii | Oiliúint agus forbairt agus costais theagmhasacha | 859                    | 750           | 649           |
| iv  | Seirbhísí poist agus teileachumarsáide            | 408                    | 317           | 457           |
| v   | Trealamh oifige agus seirbhísí TF seachtracha     | 1,743                  | 1,279         | 963           |
| vi  | Costais áitreabh oifige                           | 2,150                  | 1,982         | 1,232         |
| vii | Seirbhísí comhairleoireachta agus eile            | 50                     | —             | —             |
|     |                                                   | <b>24,387</b>          | <b>21,550</b> | <b>21,313</b> |

## Nótaí a ghabhann leis an gCuntas Leithreasa

### 1 Ráiteas faoi Chostas Oibriúcháin 2016

|                                                | 2016          | 2015          |
|------------------------------------------------|---------------|---------------|
|                                                | €000          | €000          |
| Caiteachas cláir                               | 9,689         | 4,988         |
| Pá                                             | 16,627        | 17,456        |
| Neamhphá                                       | 4,922         | 3,857         |
| <b>Ollchaiteachas</b>                          | <b>31,238</b> | <b>26,301</b> |
| <i>Asbhain</i>                                 |               |               |
| <b>Leithreasáí-i-gcabhair</b>                  | <b>2,271</b>  | <b>1,935</b>  |
| <b>Glanchaiteachas</b>                         | <b>28,967</b> | <b>24,366</b> |
| <b>Athruithe i sócmhainní caipitil</b>         |               |               |
| Airgead tirim um cheannacháin                  | (1,350)       |               |
| Dímheas                                        | 645           |               |
| Diúscairtí – airgead tirim                     | 37            |               |
| Brabús tar éis diúscartha                      | (37)          |               |
|                                                | (705)         | (4)           |
| <b>Athruithe i nglansócmhainní reatha</b>      |               |               |
| Laghdú ar fhabhraithe deiridh                  | (145)         |               |
| Méadú ar stoc                                  | (4)           |               |
|                                                | (149)         | 43            |
| <b>Caiteachas díreach</b>                      | <b>28,113</b> | <b>24,405</b> |
| <b>Caiteachas tabhaíodh in áit eile</b>        |               |               |
| Glanchaiteachas seirbhísí gaolmhara (nóta 1.1) | 12,005        | 12,315        |
| Meas-chíosanna                                 | 979           | 979           |
| <b>Costas glan clár</b>                        | <b>41,097</b> | <b>37,699</b> |

#### 1.1 Glansheirbhísí Gaolmhara

Tá glanchaiteachas na seirbhísí gaolmhara déanta suas de na méideanna measta seo a leanas maidir le Vóta 7 a tabhaíodh in áit eile, glanchostais na seirbhísí roinnte a cionroinneadh ar Vótaí eile.

|                                                                                | 2016          | 2015          |
|--------------------------------------------------------------------------------|---------------|---------------|
|                                                                                | €000          | €000          |
| Vóta 9 Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim                                          | m 7           | 7             |
| Vóta 12 Aoisliúntas agus Liúntais Scoir                                        | m 11,755      | 12,239        |
| Vóta 13 Oifig na nOibreacha Poiblí                                             | m 600         | 437           |
| Vóta 18 Oifig Náisiúnta Seirbhísí Roinnte                                      | m 32          | 27            |
| Lárchiste - pinsin na nAirí                                                    | 224           | 253           |
|                                                                                | 12,618        | 12,963        |
| Costas cionroinnte tacaíochta roinnte párolla agus cuntasáíochta do Vótaí eile | m (613)       | (648)         |
|                                                                                | <b>12,005</b> | <b>12,315</b> |

Tugann "m" le fios gur luach measta nó costas cionroinnte atá ann.

**2 Clár Comhardaithe amhail ag 31 Nollaig 2016**

|                                    |      | 2016         | 2015         |
|------------------------------------|------|--------------|--------------|
|                                    | Nóta | €000         | €000         |
| <b>Sócmhainní caipitil</b>         | 2.2  | <b>629</b>   | <b>451</b>   |
| <b>Sócmhainní reatha</b>           |      |              |              |
| Banc agus airgead tirim            | 2.3  | 1,097        | 757          |
| Stoic                              | 2.4  | 17           | 13           |
| Réamhíocaíochtaí                   |      | 328          | 356          |
| Iarmhéideanna dochair eile         | 2.5  | 136          | 202          |
| Ioncam fabhraithe                  |      | 270          | —            |
| <b>Iomlán na sócmhainní reatha</b> |      | <b>1,848</b> | <b>1,328</b> |
| <b>Lúide dliteanais reatha</b>     |      |              |              |
| Costais fhabhraithe                |      | 337          | 241          |
| Iarmhéideanna sochair eile         | 2.6  | 834          | 862          |
| Glandliteanas don Stáitchiste      | 2.7  | 399          | 97           |
| <b>Iomlán na ndliteanas reatha</b> |      | <b>1,570</b> | <b>1,200</b> |
| <b>Glansócmhainní reatha</b>       |      | <b>278</b>   | <b>128</b>   |
| <b>Glansócmhainní</b>              |      | <b>907</b>   | <b>579</b>   |
| <b>Arna léiriú ag:</b>             |      |              |              |
| <b>Cuntas um maoiniú Stáit</b>     | 2.1  | <b>907</b>   | <b>579</b>   |

**2.1 Cuntas um Maoiniú Stáit**

|                                                           |        | 2016       | 2015       |
|-----------------------------------------------------------|--------|------------|------------|
|                                                           | Nóta   | €000       | €000       |
| Iarmhéid ag 1 Eanáir                                      |        | 579        | 782        |
| Eisíocaíochtaí as an Vóta                                 |        |            |            |
| Soláthar meastacháin                                      | Cuntas | 39,594     |            |
| Géilleadh iarchurtha                                      | Cuntas | (227)      |            |
| Farasbarr le tabhairt suas                                | Cuntas | (10,400)   |            |
| Vóta glan                                                 |        | 28,967     | 24,366     |
| Caiteachas (airgead tirim) tabhaíodh in áit eile          | 1      | 12,005     | 12,315     |
| Caiteachas neamh-airgid – measchíosanna <sup>a</sup>      |        | (908)      | (353)      |
| Míreanna Neamhairgid – sócmhainní caipitiúla <sup>a</sup> |        | 382        | 189        |
| Míreanna Neamhairgid – dímhéas                            | 1      | 979        | 979        |
| Costas glan clár                                          | 1      | (41,097)   | (37,699)   |
| <b>Iarmhéid ag 31 Nollaig</b>                             |        | <b>907</b> | <b>579</b> |

<sup>a</sup> Ag eascairt ón mbeartas cionranna le haghaidh sócmhainní arna roinnt ag an Roinn Airgeadais agus an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, ní mheaitseálann na figiúirí sealbhaithe/dímhéasa sa chlár comhordaithe leo siúd a léirítear sa ráiteas faoi chostas oibriúcháin.

**2.2 Sócmhainní Caipitil**

|                                          | <b>Trealamh<br/>TF<br/>€000</b> | <b>Troscán agus<br/>feistis<br/>€000</b> | <b>Trealamh<br/>oifige<br/>€000</b> | <b>Iomlán<br/>€000</b> |
|------------------------------------------|---------------------------------|------------------------------------------|-------------------------------------|------------------------|
| <b>Sócmhainní Caipitil</b>               |                                 |                                          |                                     |                        |
| Costas nó luacháil ag 1 Eanáir 2016      | 262                             | 5,489                                    | 2,403                               | 8,154                  |
| Breiseanna                               | 236                             | 67                                       | 139                                 | 442                    |
| Disposals                                | —                               | —                                        | (71)                                | (71)                   |
| Costas nó luacháil ag 31 Nollaig 2016    | 498                             | 5,555                                    | 2,471                               | 8,525                  |
| <b>Dímheas carntha</b>                   |                                 |                                          |                                     |                        |
| Iarmhéid tosaigh ag 1 Eanáir 2016        | 184                             | 5,125                                    | 2,394                               | 7,703                  |
| Dímheas don bhliain                      | 100                             | 132                                      | 31                                  | 263                    |
| Depreciation on disposals                | —                               | —                                        | (71)                                | (71)                   |
| Dímheas carntha ag 31 Nollaig 2016       | 284                             | 5,257                                    | 2,354                               | 7,896                  |
| <b>Glansócmhainní ag 31 Nollaig 2016</b> | <b>214</b>                      | <b>298</b>                               | <b>117</b>                          | <b>629</b>             |
| <b>Glansócmhainní ag 31 Nollaig 2015</b> | <b>78</b>                       | <b>364</b>                               | <b>9</b>                            | <b>451</b>             |

**2.3 Banc agus Airgead Tirim**

|                                                             | <b>2016<br/>€000</b> | <b>2015<br/>€000</b> |
|-------------------------------------------------------------|----------------------|----------------------|
| ag 31 Nollaig                                               |                      |                      |
| Airgead tirim agus iarmhéideanna an Phámháistir Ghinearálta | 1,096                | 738                  |
| Iarmhéid cuntas bainc thráchtála                            | 1                    | 19                   |
|                                                             | <b>1,097</b>         | <b>757</b>           |

**2.4 Stoic**

|                    | <b>2016<br/>€000</b> | <b>2015<br/>€000</b> |
|--------------------|----------------------|----------------------|
| ag 31 Nollaig      |                      |                      |
| Stáiseanóireacht   | 12                   | 8                    |
| Ábhair inchaite TF | 5                    | 5                    |
|                    | <b>17</b>            | <b>13</b>            |

**2.5 Iarmhéideanna Dochair Eile**

|                                                   | <b>2016<br/>€000</b> | <b>2015<br/>€000</b> |
|---------------------------------------------------|----------------------|----------------------|
| ag 31 Nollaig                                     |                      |                      |
| Tuarastail in-fhorchúitithe                       | —                    | 21                   |
| Caiteachas taistil in-fhorchúitithe               | 37                   | 19                   |
| Óinchistí taistil                                 | —                    | 7                    |
| Caiteachas in-fhorchúitithe na scéime pas taistil | 92                   | 100                  |
| Míreanna dochair eile ar fionraí                  | 7                    | 55                   |
|                                                   | <b>136</b>           | <b>202</b>           |

| <b>2.6 Iarmhéideanna Sochair Eile</b>       | <b>2016</b> | <b>2015</b> |
|---------------------------------------------|-------------|-------------|
| ag 31 Nollaig                               | €000        | €000        |
| Suimeanna dlite don Stát                    |             |             |
| Cáin Ioncaim                                | 302         | 302         |
| Árachas Sóisialta Pá-Choibhneasa            | 176         | 166         |
| Cáin Shiarchoinneála na Seirbhísí Gairmiúla | 53          | 110         |
| Cáin Bhreisluacha                           | 21          | 12          |
| Ranníocaíochtaí Pinsin                      | 67          | 63          |
| Cáin Mhaoine Áitiúil                        | 2           | 1           |
| Muirear Sóisialta Uilíoch                   | 75          | 94          |
|                                             | 696         | 748         |
| Asbhaintí párolla coinnithe ar fionraí      | 94          | 95          |
| Míreanna sochair eile ar fionraí            | 1           | 19          |
| Caiteachas taistil in-fhorchúitithe         | 43          | —           |
